# 5 TACÚ LEIS AN STRAITÉIS

## 5.1 An fhoireann – an phríomhacmhainn atá againn

Chun straitéis an COBÁC a bhaint amach, éileofar tiomantas ollmhór don fhoireann: earcú straitéiseach comhaltaí nua foirne agus éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt iomlán na gcomhaltaí reatha foirne. Is é an toradh a bheidh ar thacú leis an straitéis trínár bhfoireann ná gur áit a bheidh in COBÁC ina mbeidh meas ar an duine aonair agus ina ndéanfar an duine aonair a chothú, áit a ndéanfar an fheidhmíocht a mheas ar bhealach cuí agus struchtúrtha, agus tacaíocht a bheith ar fáil do dheiseanna cuí don fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil.

Is foras é an COBÁC a mbeidh na nithe seo a leanas ag baint leis:

- Beidh meas ar an duine aonair mar lárthéama de chuid chultúr na heagraíochta;
- Beidh comhionannas deiseanna le feiceáil go follasach;
- Beidh deiseanna chun dul chun cinn gairmiúil a dhéanamh agus chun scileanna a fhorbairt oscailte do gach comhalta foirne;
- Déanfar pleanáil chúramach don dinimiciúlacht idir forbairt comhaltaí reatha foirne agus comhaltaí nua foirne a earcú d’fhonn éascaíocht a dhéanamh d’fhorbairt comhaltaí nua foirne trí mheantóireacht agus ag an am céanna deis a thabhairt d'inniúlachtaí nua teacht isteach chun scileanna nua a fhobairt i measc na gcomhaltaí reatha foirne;
- Déanfar an fheidhmíocht a mheas os coinne tomhais ábhartha sheachtracha arna mbailíochtiú go hidirnáisúnta agus tabharfar luach saothair do ghnóthachtálacha agus don fheabhas;
- Tabharfar an t-aitheantas céanna don obair a dhéanann gach comhalta foirne (comhaltaí acadúla, riaracháin, teicniúla agus tacaíochta), agus beidh deiseanna cuí forbartha pearsanta agus gairme, conairí forchéimniúcháin agus sásraí maidir le haitheantas agus luach saothair a thabhairt do ghnóthachtálacha agus d’fheidhmíocht ag comhaltaí foirne uile na hollscoile.

### Meas ar an duine aonair

I gcroílár straitéis an COBÁC i leith na forbartha foirne tá tiomantas don chomhionannas, don chothroime agus do mheas ar gach comhalta foirne atá againn. Déanfaidh an COBÁC na nithe seo a leanas:

- Cinntiú go bhfeictear go bhfuil an COBÁC chun tosaigh i measc fhostóirí na hÉireann ó thaobh comhionannais agus cothroime i dtaca lenár mbeartais earcaíochta agus forbartha foirne;
- Meas a léiriú ar an duine aonair trí bheartais shonracha agus trí chultúr an mheasa a chothú agus a fhorbairt.

## Príomhghníomhartha

- Ag tarraingt ar an *Employment Equality Audit* a foilsíodh le déanaí, clár a fhorbairt chun a chinntiú go mbainfidh an COBÁC na caighdeáin is airde amach ó thaobh comhionannais agus cothroime de. Beidh sé sin bunaithe ar ghnóthachtáil intomhaiste thar thréimhse shonraithe;

- Athbhreithniú agus athnuachan a dhéanamh ar bheartais um meas ar an duine aonair agus athchóiriú cultúir a chur i bhfeidhm nuair is gá chun a chinntiú go ndéanfar de réir na mbeartas sin.

## An clár um oiliúint agus forbairt na foirne a athbhreithniú, a athfhócasú agus a athfhorbairt

Maidir le spriocanna na heagraíochta a bhaint amach, braithfidh siad ar lucht oibre, idir acadúil agus riaracháin, a mbeidh a gcuid scileanna forbartha go leordhóthanach acu chun freagairt do na héilimh a bhaineann le timpeallacht a bhíonn ag síorathrú. D’fhonn leas a bhaint as na deiseanna sin déanfar infheistíocht nach beag i bhforbairt príomhscileanna.

Tá sé i gceist ag an COBÁC na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Béim a leagan ar an luach a chuirtear leis an duine aonair trí aonadchultúr institiúideach agus oibriúcháin a chothú a chruthaíonn foirne agus a spreagann obair thrasteorann ar bhealach a théann níos sia ná idirdhisciplíneacht acadúil;

- Deimhin a dhéanamh de go mbeidh deis ag comhaltaí foirne, ag gach leibhéal, raon scileanna idirdhisciplíneacha agus feidhmiúla a fhorbairt, scileanna a bheidh de dhíth orthu chun na poist atá acu a dhéanamh ag an leibhéal is fearr;

- Maidir le comhaltaí foirne a bhíonn ag súil le tabhairt faoi phost a mbaineann freagrachtaí éagsúla agus freagrachtaí níos mó leis, nó atá tar éis post den chineál sin a fháil, tabharfar tacaíocht dóibh chun inniúlachtaí a fhorbairt chun an post sin a dhéanamh agus chun an t-aistriú a dhéanamh chuig an bpost.

- Deimhin a dhéanamh de go ndéantar infheistíocht airgid, a thagann le hollscoileanna eile san Eoraip, i bhforbairt scileanna;

- Raon leathan cur chuige forbartha scileanna a úsáid, lena n-áirítear úsáid a bhaint as uirlisí na ríomhfhoghlama.

## Príomhghníomhartha

- Próifílí optamacha riachtanais scileanna a fhorbairt do chomhaltaí foirne i ngach catagóir, bunaithe ar Ollscoileanna ceannróideacha na hEorpa;

- Próifílí scileanna fhoireann an COBÁC a mheaitseáil leis na próifílí optamacha riachtanais scileanna;

- Plean cuimsitheach oiliúna a fhorbairt chun na scileanna a éilítear a sheachadadh agus béim á leagan ar an seachadadh trí phróisis na ríomhfhoghlama nuair is féidir.

## Measúnú fheidhmíocht na foirne a chur ar bhonn foirmiúil

Déanfar feidhmíocht gach comhalta foirne de chuid an COBÁC a mheas os coinne cuspóirí sonracha sainmhínithe ar bhonn rialta. Ní féidir le forbairt agus forchéimniú gairme ná le luach saothair an fheabhais feidhmiú go héifeachtach agus go cothrom ach amháin i dtimpeallacht ina ndéantar feidhmíocht a thomhas agus a mheas. Déanfaidh an COBÁC na nithe seo a leanas:

- Múnla ualach oibre a fhorbairt don fhoireann acadúil, múnla a chinnteoidh cothroime, trédhearcacht agus táirgiúlacht;

- Deimhin a dhéanamh de go dtabharfaidh múnla an ualaigh oibre aitheantas do dhifríochtaí disciplíneacha agus do riachtanais faoi leith fhoireann na gclár gairmiúil;

- Critéir feidhmíochta a fhorbairt do gach grúpa foirne, i gcomhar le lucht leasa ábhartha – critéir a chuireann bonn le spriocanna na hollscoile a sheachadadh;

- Aitheantas agus luach saothair a thabhairt dóibh siúd a léiríonn leibhéil arda feidhmíochta os coinne critéir shonraithe.

## Príomhghníomhartha

- An próiseas measúnachta a shonrú, a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air;

- Luach saothair d’fheidhmíocht ard a shonrú, a phoibliú, agus a léiriú ina dhiaidh sin.

## Clár earcaíochta straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

Maidir le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach i ngach príomhréimse de ghníomhaíocht na hollscoile, ó thaighde go teagasc agus foghlaim agus riarachán, beidh siad ag brath go mór ar tacair nua agus éagsúla scileanna a fhorbairt/a earcú don COBÁC.

Go sonrach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Taighdeoirí atá ar thús cadhnaíochta a earcú sna réimsí tosaíochta aitheanta agus cur le líon na nOllúnachtaí chun mais chriticiúil a chruthú;

- Pacáistí solúbtha luach saothair a chur le chéile d’fhonn cur ar chumas an COBÁC comhaltaí foirne a mhealladh ó thar lear;

- Straitéisí earcaíochta a fhorbairt chun tacú le cláir thosaíochta ag a bhfuil gá le hathchóiriú mór curaclaim agus sa chás go bhfuil easnamh i dtacar scileanna i measc comhaltaí reatha foirne;

- Cumais riaracháin agus eagraíochtúla a fhorbairt trí earcaíocht straitéiseach ó earnálacha gairmiúla, seirbhíse poiblí, tionscail agus tráchtála.

### Príomhghníomhartha

- Spriocréimsí a shonrú chun taighdeoirí sinsearacha a earcú dóibh agus úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí cuardaigh agus roghnúcháin mar aon le cur chuige traidisiúnta earcaíochta;
- Sásraí cuí a bhunú chun níos mó acadóirí sóisearacha a earcú, lena n-áirítear sásra soiléir agus trédhearcach do chonair tionachta;
- Measúnú a dhéanamh ar fhorbairt cláir theagaisc agus ar fhorbairt cláir earcaíochta chun freastal ar na riachtanais sin;
- Straitéis a fhorbairt d’atheagrú na foirne teicniúla, riaracháin agus tacaíochta a chuirfidh le héifeachtacht na ndeiseanna oiliúna, forbartha agus forchéimniúcháin don fhoireann sin, i gcomhthéacs athchóiriú molta ar struchtúir acadúla an COBÁC;
- Measúnú criticiúil a dhéanamh ar na réimsí riaracháin agus eagraíochtúla ar mian leis an COBÁC feabhas a bhaint amach iontu agus pleananna earcaíochta a chur le chéile chun na cumais sin a fhorbairt.

## 5.2 Infrastruchtúr agus córais faisnéise

### Tacaíocht agus forbairt córas

Ag teacht leis an sárchleachtas idirnáisiúnta, cuirfear tacaí suntasacha Teicneolaíocht Faisnéise agus riaracháin i bhfeidhm chun bonn a chur faoinár dtacaíocht do mhic léinn, faoinár dtaighde, faoinár dteagasc agus foghlaim agus faoinár bpróisis bhainistíochta. Níor chóir an bhéim a bheith ar sheirbhísí faisnéise a sholáthar amháin, ach freisin ar úsáid na faisnéise agus táscairí feidhmíochta chun cuidiú le lucht acadúil, taighde agus bainistíochta agus iad i mbun cinntí a dhéanamh.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh leis an tacaíocht agus na seirbhísí infrastruchtúracha agus idirbheart a chuirtear ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann a chur i bhfeidhm agus a leathnú de réir straitéis chuimsitheach Teicneolaíocht Faisnéise an COBÁC;
- Athshainiú a dhéanamh ar an mian atá againn maidir le Teicneolaíocht Faisnéise a úsáid le go dtiocfaidh an t-athshainiú sin le hollscoileanna taighde den scoth a bheidh mar shlata tomhais againn dúinn féin;
- Athnuachan agus leathnú a dhéanamh ar an tiomantas atá againn do raon méadaithe idirghníomhaíochtaí agus tacaí teicneolaíochta a thabhairt dár gcuid mac léinn, dár gcuid mac léinn poitéinsiúil, dár gcomhaltaí foirne agus dár gcomhpháirtithe acadúla;

- Cur le litearthacht na Teicneolaíochta Faisnéise ar fud phobal na hOllscoile;

- Córais faisnéise bainistíochta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, córais a chuirfidh ar ár gcumas bheith níos éifeachtaí agus sinn i mbun ár gcuid oibre, tuiscint níos fearr a fháil ar na hidirghníomhaíochtaí idir na gníomhaíochtaí atá againn, agus a thacóidh le slata tomhais a leagan síos maidir le méadrachtaí comparáideacha a úsáid.
- Oifig institiúideach taighde a bhunú a mbeidh dlúthcheangal idir í agus na feidhmeanna feabhais agus pleanála straitéisí d'fhonn an leas is fearr a bhaint as straitéisí, monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus bonn faisnéise a chur faoi chinntí.

## 5.3 Rialachas agus bainistíocht

Fágfar comhdhéanamh Údarás na hOllscoile gan athrú mar go gcinnteoidh sé seo gur féidir le comhdhamhna tábhachtach inmheánach de chuid na hOllscoile páirt a ghlacadh i rialachas na hollscoile. Mar bharr ar an athchóiriú trínar ceapadh cathaoirleach seachtrach ar Údarás na hOllscoile, agus faoi réir ag an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr, tá sé i gceist cathaoirleach neamhspleách a cheapadh ar an gCoiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní.

Mar thoradh ar na cuspóirí agus na polasaithe a mholtar sa phlean straitéiseach seo teastóidh forbairt thráthúil a dhéanamh ar bheartais mhionsonraithe agus ar phleananna forfheidhmiúcháin. Déanfaidh an Bord Teagaisc agus Foghlama, an Bord Taighde agus Nuála, mar aon le bord nua ar a ngairfear an Bord um Cheapacháin Acadúla, Tionachta agus Ardú Céime cúram d’fhorbairt na mbeartas agus na bpleananna sin, a ndéanfaidh an Chomhairle Acadúil iad a phlé agus a fhaomhadh. Beidh ar an gComhairle Acadúil teacht le chéile níos minice agus a cuid nósanna imeachta um ghnáthghnó an lae a thabhairt faoi chuing na rialtachta má tá i ndán go ndéanfar beartais agus pleananna fordheidhmiúcháin a fhaomhadh taobh istigh d’achar réalaíoch ama.

Tá géarghá ann go dtabharfaí an próiseas atá ann maidir le cinnteoireacht acadúil faoi chuing na rialtachta. Ina theannta sin, agus i gcomhthéacs an athchóirithe ar struchtúir eagrúcháin COBÁC atáthar a mholadh (féach cuid 8) ní mór grinnshainiú a dhéanamh ar ról na Scoileanna, na nDámh, Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla agus na Comhairle Acadúla féin (faoi réir ag a chéile) i dtaca le déanamh cinntí i dtaobh ghnó acadúil na hOllscoile.

## 5.4 Cultúr na Cáilíochta

Is cuid lárnach d’fhís COBÁC go mbeadh an cháilíocht agus an t-iomaíochas idirnáisiúnta ina dtagarmharc ag gach gníomh dá ndéanaimid. Tá cúlra láidir ag COBÁC mar choláiste a bhí ar thús cadhnaíochta maidir le próisis dearbhaithe cáilíochta. Ní mór d’fhorbairt an chultúir sin a bheith mar phríomhchuspóir againn anois. Beidh leathnú ár gcuid modhanna dearbhaithe cáilíochta ar chuid den obair seo, ionas go leagfar béim feasta ar fheabhsú cáilíochta. Déanfar saineolas i dtaighde institiúideach a fhorbairt, rud a chuirfidh cruinnsonraí agus faisnéis chiallmhar ar fáil ar a mbunófar gach cinneadh acadúil agus bainistíochta agus gach meastóireacht cháilíochta. D’fhonn éifeacht ar bith a bheith leis an bhfeabhsú cáilíochta seo ní mór é a cheangal leis an bpróiseas pleanála straitéiseach foirmiúil ag leibhéal na Dáimhe agus na Scoile.

### Príomhghníomhartha

- Taighde institiúideach a dhíreoidh ar fhaisnéis a bhaineann le gníomhaíocht teagaisc agus taighde, le cáilíocht agus éifeachtacht, a bhunú;

- Próisis dearbhaithe cáilíochta a athrú ina gcur chuige feabhsúcháin cháilíochta;

- Tús a chur le pleanáil straitéiseach ag leibhéal na nDámh agus na Scoileanna faoi réir ag dea-chleachtas.

## 5.5 Cumarsáid, Forbairt agus Caidreamh *Alumni*

Maidir le lármhisean acadúil teagaisc agus taighde COBÁC agus cé mar a rathóidh sé, is iad na hacmhainní agus na dea-chleachtais is fearr dá mbaineann lena ghníomhaíochtaí sa chumarsáid inmheánach agus sheachtrach, i dtiomsú airgid agus i gcaidreamh alumni a bheidh mar thaca leis an iarracht sin. Léireofar na dea-chleachtais seo trí thiomantas na hollscoile do sheachadadh cuí a dhéanamh ar theachtaireachtaí gearra, gonta a léireoidh cáilíocht na hiarrachta acadúla seo ag COBÁC. Beidh an coláiste tiomanta do mhéadú suntasacha a chur ar leibhéal an mhaoinithe phríobháidigh a úsáidfear chun tacú le forbairtí, agus chun nasc níos láidre a chothú le gach glúin d'alumni COBÁC. Beidh prionsabal na coimhdeachta ina dhlúthchuid de chur i ngníomh na spriocanna seo; déanfar tascanna ar leith, mar is cuí, a chineachadh ar na dámha, agus fágfar príomhrólanna na ceannasaíochta, an chomhordaithe agus dhearbhú na cáilíochta faoin lárfheidhmeannas.

### Branda láidir COBÁC a dhearadh agus a chur i bhfeidhm

Sonraíonn an cuspóir seo an tiomantas atá ann d'íomhá radharcach a léiríonn éiteas agus luachanna na hOllscoile, a léiriú.

### Príomhghníomhartha

- Measúnú a dhéanamh ar na brandaí eile atá ann faoi láthair agus ardán seolta a sholáthar i gcomhair branda nua, faoi réir ag taithí ábhartha idirnáisiúnta;

- Comhghnásanna a dhearadh i gcomhair bhrandáil iomlán COBÁC agus i gcomhair imlonnú an bhranda;

- Forbairt a dhéanamh ar fho-bhrandaí dáimhe agus ar fho-bhrandaí eile d'fhonn teacht i dtír ar chomhcheangail na ndámh agus COBÁC le heagraíochtaí eile.

### Uasmhéadú a dhéanamh ar thionchar cumarsáide COBÁC ar gheallsealbhóirí seachtracha

Tá COBÁC tiomanta don chumarsáid ghníomhach leis na geallsealbhóirí d'fhonn tacaíocht a fháil uathu i gcomhair chuspóirí straitéiseacha na hOllscoile.

### Príomhghníomhartha

- Ardchaighdeán a fhorbairt i dtaca le gach cineál cáipéisíochta ar a n-áirítear eolaire na mac léinn, tuarascáil an Uachtaráin, ábhar earcaíochta mac léinn agus an t-ábhar margaíochta a chruthaítear ar son na n-ionad taighde agus na ndámh;

- Tabhairt faoi athchóiriú ó bhun a dhéanamh ar shuíomh idirlín COBÁC agus béim a leagan ar riachtanais na n-úsáideoirí;

- Tacaíocht a chur ar fáil do chomhaltaí foirne a bhíonn páirteach i gcumarsáid sheachtrach trí chomhairle agus cúnamh praiticiúil a chur ar fáil.

## Uasmhéadú a dhéanamh ar thionchar cumarsáide COBÁC ar mheáin ábhartha

Áirítear anseo:

- Faisnéis ionúil, bheacht, chuimsitheach a sholáthar mar fhreagra ar fhiosrúcháin fhrithghníomhacha ó na Meáin.

- Faisnéis in-nuachta a fhorbairt d’fhonn cur chun cinn réamhghníomhach a dhéanamh ar gach a mbaineann COBÁC amach.

## Príomhghníomhartha

- Príomhtheachtaireachtaí COBÁC a aithint agus a athbhreithniú ar bhonn rialta;

- Naisc le hiriseoirí lárnacha a bhunú agus a fhorbairt;

- Próisis éifeachtacha agus éifeachtúla a fhorbairt i dtaca le freagraí a thabhairt ar fhiosrúcháin ó na Meáin;

- Clár frithghníomhach do na Meáin a fhorbairt chun aird a tharraingt ar éachtaí na hOllscoile gona comhaltaí foirne agus mic léinn;

- Oiliúint sa Chumarsáid (do na Meáin) agus acmhainní riachtanacha eile a chur ar fáil d’urlabhraithe na hOllscoile;

- Córas cuí méadrachta agus meastóireachta i dtaca le gníomhaíochtaí cumarsáide ag leibhéal dáimhe agus ollscoile, a dhearadh do COBÁC agus a chur i ngníomh.

## Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir agus ar ghníomhaíochtaí cumarsáide inmheánacha COBÁC

Áireofar anseo tiomantas chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Na heasnaimh agus na láidreachtaí atá le sonrú ar ghníomhaíocht agus struchtúr reatha na hollscoile a aithint;

- Spriocanna agus modhanna tomhaiste feidhmíochta i dtaca le gníomhaíocht chumarsáide inmheánach COBÁC, a shainiú.

## Príomhghníomhartha

- Clár substaintiúil leasúcháin struchtúir i dtaca le cumarsáid inmheánach, a chur i ngníomh maille le forbairt a dhéanamh ar chóras méadrachta cuí;

- An oiliúint is gá, maille le hacmhainní eile, a chur ar fáil do na Comhdhéin d'fhonn an próiseas cumarsáide inmheánach a éascú.

## Uasmhéadú a dhéanamh ar chumas tiomsaithe airgid COBÁC ó fhoinsí príobháideacha

Áireofar anseo tiomantas chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar phróiseas tiomsaithe airgid COBÁC; beidh mórfheachtas ina chuid den athbhreithniú sin;

- Liosta de dheontóirí móra, náisiúnta agus idirnáisiúnta, a aithint agus a earcú, agus measúnú a dhéanamh ar ionchas an chéad fheachtais.

## Príomhghníomhartha

- Mórfheachtas tiomsaithe airgid a sheoladh agus é dírithe ar spriocghrúpaí áirithe;

- Earcú a dhéanamh ar an gcuid sin de cheannasaíocht agus d'fhoireann COBÁC a theastóidh i gcomhair an fheachtais;

- Earcaigh cheannasaíocha a aimsiú i gcomhair Bhord Feachtasaíochta COBÁC;

- Na struchtúir reatha a neartú agus forbairt a dhéanamh ar struchtúir dhámhbhunaithe um oibrithe deonacha, ar nós comhairlí forbartha, chun tacú leis an bhfeachtas tiomsaithe airgid;

- Cásráiteas COBÁC a chur amach mar phríomhcháipéis feachtasaíochta.

## Mórfhorbairt a dhéanamh ar chlár feabhsaithe um chaidreamh le alumni

Áireofar anseo na cuspóirí seo a leanas:

- Feabhas a chur ar leibhéal rannpháirtíochta an alumni i raon iomlán de ghníomhaíochtaí COBÁC;

- Méadú suntasach ar shíntiúis alumni do COBÁC a bhaint amach.

## Príomhghníomhartha

- Dearcadh an alumni i leith COBÁC a dhéanamh amach agus a mheas trí shraith d’fhócasghrúpaí struchtúrtha a chur ar bun. Díreoidh na grúpaí seo, go háirithe, ar fhorbairt a dhéanamh ar rannpháirtíocht fheabhsaithe an alumni i gcúrsaí ollscoile;

- Bunáit a chur ar fáil in COBÁC don alumni;

- Feabhas a chur ar raon reatha na dtairiscintí a dhéantar don alumni as a gcomhchaidreamh le COBÁC;

- Tionscnaimh reatha na ndámh agus na ranna a neartú agus tionscnaimh nua a fhorbairt.